Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023
(OR. en)

9625/23
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0157(NLE)**

UD 112
ENFOCUSTOM 59
ECOFIN 456
FISC 97
MI 435
COMER 60
TRANS 196

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 259 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach le haghaidh ciandíolacháin earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 259 final.

Faoi iamh: COM(2023) 259 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2023
COM(2023) 259 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach le haghaidh ciandíolacháin earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur**

## IARSCRÍBHINN

(a) In Iarscríbhinn I [a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle], cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘G. CÓIREÁIL TARAIFE SHIMPLITHE LE HAGHAIDH CIANDÍOLACHÁN’

(b) In Iarscríbhinn I [a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle], Cuid a hAon, Roinn II, cuirtear an pointe G seo a leanas isteach:

‘G. Cóireáil taraife shimplithe le haghaidh ciandíolachán

Tá an chóireáil taraife shimplithe le haghaidh ciandíolachán bunaithe ar chóras buicéadaithee cúig leibhéal. Áirítear i ngach buicéad ráta dleachta agus tagairt do na caibidlí ábhartha d’Iarscríbhinn 1, Cuid a Dó [a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle] a mbeidh feidhm ag an ráta dleachta lena mbaineann maidir leo.’

**Buicéad A: 0 % *ad valorem***

| Caibidil | Tuairisc |
|---|---|
| 14 | Ábhair thrilsithe phlandúla; Táirgí plandúla nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile |
| 26 | Mianta, slaig agus luaith |
| 47 | Laíon adhmaid nó laíon ábhair eile as ceallalós snáithíneach; Páipéar slánaithe nó cairtchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll) |
| 48 | Páipéar agus cairtchlár; Earraí páipéir, laín páipéir nó cairtchláir |
| 49 | Leabhair chlóbhuailte, nuachtáin, pictiúir agus táirgí eile de chuid thionscal na priontála; Lámhscríbhinní, clóscríbhinní agus pleananna |
| 80 | Stán agus earraí atá déanta as |
| 97 | Saothair ealaíne, earraí bailitheoirí agus seandachtaí |

**Buicéad B: 5 % *ad valorem***

| Caibidil | Tuairisc |
|---|---|
| 05 | Táirgí de thionscnamh ainmhíoch, nach sonraítear ná nach n- áirítear in áit eile |
| 25 | Salann; Sulfar; Ithreacha agus clocha; Ábhair phlástrála, aol agus stroighin |
| 27 | Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; Substaintí biotúmanacha; Céaracha mianracha |
| 34 | Gallúnach, oibreáin dhromchlaghníomhacha orgánacha, ullmhóidí níocháin, ullmhóidí bealaithe, céaracha saorga, céaracha sainullmhaithe, ullmhóidí snasúcháin nó sciúracháin, coinnle agus earraí comhchosúla, taos múnlóireachta, ‘déadchéaracha’ agus ullmhóidí déidliachta de bhunús plástair |
| 43 | Seithí fionnaidh agus fionnadh saorga; Earraí atá monaraithe astu |
| 45 | Corc agus earraí coirc |
| 46 | Déantáin de chochán, d’easpartó nó d’ábhair dualaithe eile; cis-earraí agus earraí caolaigh |
| 66 | Scáthanna Fearthainne, Scáthanna Gréine, Bataí Siúil, Bataí Suíocháin, Fuipeanna, Fuipeanna Marcaíochta agus páirteanna díobh |

| | |
|---|---|
| 67 | Cleití agus clúmh ullmhaithe agus earraí atá déanta as cleití nó as clúmh; Bláthanna saorga; Earraí déanta de ghruaig dhaonna |
| 68 | Earraí cloiche, plástair, stroighne, aispeiste, míoca nó ábhar comhchosúil |
| 71 | Péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara, miotail lómhara, miotail cumhdaithe le miotal lómhar, agus earraí díobh; Seodra bréige; Boinn |
| 73 | Earraí iarainn nó cruach |
| 75 | Nicil agus earraí déanta as nicil |
| 78 | Luaidhe agus earraí déanta as luaidhe |
| 79 | Sinc agus earraí déanta as sinc |
| 82 | Uirlisí, acraí, sceanra, spúnóga agus foirc, déanta de tháirmhiotal; Páirteanna díobh, iad déanta as táirmhiotal |
| 83 | Earraí ilghnéitheacha táirmhiotail |
| 84 | Coirí, meaisíní agus fearais mheicniúla eile; páirteanna díobh |
| 85 | Innealra agus trealamh leictreach agus páirteanna de; taifeadáin agus atáirgeoirí fuaime, taifeadáin agus atáirgeoirí íomhánna agus fuaime teilifíse, agus páirteanna d'earraí den sórt sin agus gabhálais díobh |
| 86 | Innill iarnróid nó trambhealaigh, rothstoc agus páirteanna díobh; Daingneáin riain iarnróid nó trambhealaigh agus feistis agus páirteanna díobh; Trealamh meicniúil (lena n-áirítear leictrimeicniúil) comharthaíochta tráchta de gach cineál |
| 89 | Longa, báid agus déanmhais snámhacha |
| 90 | Ionstraimí agus gairis optúla, fhótagrafacha, chineamatagrafacha, tomhais, seiceála, bheacht-tomhais, leighis agus mháinliachta; Páirteanna agus gabhálais díobh |
| 91 | Cloig agus uaireadóirí agus páirteanna díobh |
| 92 | Uirlisí ceoil; Páirteanna agus gabhálais d'earraí den sórt sin |
| 94 | Troscán; cóir leapa, tochtanna, tacaí tochta, cúisíní agus feistis líonta chomhchosúla; Aonaid soilsithe agus feistithe soilsithe, nach bhfuil sonraithe ná curtha san áireamh aon áit eile; Comharthaí soilsithe, ainmchláir shoilsithe agus a leithéidí; Foirgnimh réamhdhéanta |
| 95 | Bréagáin, cluichí agus gairis spóirt; Páirteanna agus gabhálais díobh |

**Buicéad C: 8 % *ad valorem***

| Caibidil | Tuairisc |
|---|---|
| 28 | Ceimiceáin neamhorgánacha; Comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de mhiotail tearc-chré, de dhúile radaighníomhacha nó d'iseatóip |
| 29 | Ceimiceáin orgánacha |
| 30 | Táirgí cógaisíochta |
| 31 | Leasacháin |
| 32 | Eastóscáin súdaireachta nó ruaimneoireachta; Tainniní agus a ndíorthaigh; Ruaimeanna, líocha agus ábhair dhathúcháin eile; Péinteanna agus vearnaisí; Puití agus maisteoga eile; Dúigh |

| | |
|---|---|
| 33 | Blátholaí agus roisíneoidí; Ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta |
| 36 | Pléascáin; Táirgí piriteicniúla; Lasáin ; Cóimhiotail phireafóracha; Ullmhóidí indóite áirithe |
| 37 | Earraí fótagrafacha nó cineamatagrafacha |
| 38 | Táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha |
| 39 | Plaistigh agus earraí atá déanta as plaistigh |
| 40 | Rubar agus earraí déanta as rubar |
| 41 | Seithí agus craicne amha (seachas craicne fionnaidh) agus leathar |
| 44 | Adhmad agus earraí adhmaid; Fioghual |
| 50 | Síoda |
| 51 | Olann, fionnadh ainmhithe mín nó garbh; Snáth róin agus fabraic fhite |
| 52 | Cadás |
| 53 | Snáithíní teicstíle plandúla eile; Snáth páipéir agus fabraicí fite as snáth páipéir |
| 54 | Filiméid de dhéantús an duine; Stiallacha agus a leithéidí nó ábhair theicstíle de dhéantús an duine |
| 55 | Snáithíní stáplacha de dhéantús an duine |
| 56 | Flocas, feilt agus ábhair neamhfhite; Snáth speisialta; Sreangán, téadra, rópaí agus cáblaí agus earraí déanta astu |
| 57 | Cairpéid agus clúdaigh urláir theicstíle eile |
| 58 | Fabraicí fite speisialta; Fabraicí teicstíle stothacha; Lása; Taipéisí; Ciumhsóga; Earraí bróidnéireachta |
| 59 | Fabraicí teicstíle atá tuilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe; Earraí teicstíle de chineál atá oiriúnach le haghaidh úsáid thionsclaíoch |
| 60 | Fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte |
| 65 | Ceannbhearta agus páirteanna díobh |
| 69 | Táirgí Ceirmeacha |
| 72 | Iarann agus cruach |
| 74 | Copar agus earraí déanta as copar |
| 76 | Alúmanam agus earraí déanta as alúmanam |
| 81 | Táirmhiotail eile; Ceirméid; Earraí déanta astu |
| 88 | Aerárthaí, spásárthaí, agus páirteanna díobh |
| 96 | Earraí monaraithe ilghnéitheacha |

**Buicéad D: 12 % *ad valorem***

| Caibidil | Tuairisc |
|---|---|
| 6 | Crainn bheo agus plandaí eile; Bleibíní, fréamhacha agus a leithéidí; Bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach |
| 12 | Olashíolta agus torthaí olúla; Gráinní, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; Plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; Cochán agus farae |
| 18 | Cócó agus ullmhóidí cócó |
| 35 | Substaintí albaimionóideacha; Stáirsí modhnaithe; Gliúnna; Einsímí |

| | |
|---|---|
| 42 | Earraí déanta as leathar; Diallatra agus úmacha; Earraí taistil, málaí láimhe agus coimeádáin dá samhail; Earraí déanta as inne ainmhithe (seachas inne seiriceán) |
| 61 | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, iad cniotáilte nó cróiseáilte |
| 62 | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, gan chniotáil ná cróiseáil |
| 63 | Earraí rédhéanta teicstíle eile; i dtacair; Éadaí caite agus earraí teicstíle caite; Ceirteacha |
| 87 | Feithiclí seachas rothstoc iarnróid nó trambhealaigh, agus páirteanna agus gabhálais díobh |

**Buicéad E: 17 % *ad valorem***

| **Caibidil** | **Tuairisc** |
|---|---|
| 1 | Ainmhithe beo |
| 2 | Feoil agus scairteach feola inite |
| 3 | Éisc agus crustaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile |
| 4 | Táirgí déiríochta; Uibheacha éan; Mil nádúrtha; Táirgí de thionscnamh ainmhíoch, nach sonraítear ná nach n- áirítear in áit eile |
| 7 | Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite |
| 8 | Torthaí agus cnónna inite; Craiceann torthaí citris nó mealbhacán |
| 9 | Caife, tae, maité agus spíosraí |
| 10 | Gránaigh |
| 11 | Táirgí an tionscail muilleoireachta; Braich; Stáirsí; Ionúilin; Glútan cruithneachta |
| 13 | Leaic; Gumaí, roisíní agus súnna plandúla agus úisc phlandúla eile |
| 15 | Saillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha agus a dtáirgí scoilte; Saillte inite ullmhaithe; Céaracha ainmhíocha nó plandúla |
| 16 | Ullmhóidí ó fheoil, ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisce eile, nó ó fheithidí |
| 17 | Siúcraí agus milseogra siúcra |
| 19 | Ullmhóidí gránach, plúir, stáirse nó bainne; Táirgí taosráin |
| 20 | Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí |
| 21 | Ullmhóidí inite ilghnéitheacha |
| 22 | Deochanna, biotáillí agus fínéagar |
| 23 | Iarmhair agus dramhaíl ó na tionscail bhia; Farae ullmhaithe d'ainmhithe |
| 24 | Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; Táirgí, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh, atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán; táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá ceaptha le nicitín a iontógáil i gcorp an duine |
| 64 | Coisbhearta, loirgneáin agus a leithéidí; Páirteanna de na hearraí sin |
| 70 | Gloine agus earraí gloine |